Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11549/22**

**LIMITE**

**CORLX 706**
**CFSP/PESC 1024**
**RELEX 1070**
**MAMA 138**
**COARM 151**
**CONUN 177**
**FIN 859**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia |

1. An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia. An 18 Eanáir 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia.

2. An 18 Iúil 2022, leasaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a bhfuil ar an liosta i dtaca le duine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.

3. An 20 Iúil 2022, chuir an tArdionadaí tograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme (11545/22) ón gComhairle agus le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme (11547/22) ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia.

4. An 29 Iúil 2022, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach ar chomhaontú (trí chomhairliúchán i scríbhinn) maidir le téacsanna an dréachtchinnidh Cur Chun Feidhme agus an dréachtrialacháin Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

5. Sna himthosca sin, iarrtar ar COREPER an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú maidir leis an dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme agus an dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a dhaingniú;

– a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle an dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia mar a leagtar amach sin in 11546/22 + ADD 1, tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs;

– a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle an dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, mar a leagtar amach sin in 11548/22 + ADD 1, tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs;

– a mholadh go bhformheasfaidh an Chomhairle an fógra atá le foilsiú san Iris Oifigiúil (sraith 'C'), mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn I, a ghabhann leis an nóta seo;

– a mholadh go bhformheasfaidh an Chomhairle an fógra le tabhairt ar aird ag na hábhair sonraí a fhoilseofar san Iris Oifigiúil (sraith 'C'), mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nóta seo.

PUBLIC

PUBLIC

**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**Fógra atá le tabhairt ar aird an duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/xxx ón gComhairle[1], agus i Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/xxx ón gComhairle[2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird an duine a ainmnítear in Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/xxx[1] ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/xxx[2] ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia.

An 18 Iúil 2022, leasaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a bhfuil ar an liosta i dtaca le duine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.

Féadfaidh an duine lena mbaineann, aon tráth, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh é a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun mhír 24 de Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Na Náisiúin Aontaithe – an Pointe Fóchasach um Dhíliostú
Security Council Subsidiary Organs Branch
Room S-3055 E
New York, NY 10017
United States of America

---

[1] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle in 11546/22.

[2] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin Cur Chun Feidhme in 11548/22.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach anseo: http://www.un.org/sc/committees/751/comguide.shtml.

De thoradh an chinnidh ó na Náisiúin Aontaithe, leasaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh liostú duine amháin atá faoi réir bearta sriantacha i gCinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle agus I Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle.

Tugtar ar aird an duine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 9 den Rialachán).

Féadfaidh an duine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh é a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
DG RELEX 1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

r-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch an chéad athbhreithnithe eile a dhéanfaidh an Chomhairle, de bhun Airteagal 13(4) de Chinneadh (CBES) 2015/1333 agus Airteagal 21(4) de Rialachán (AE) 2016/44, ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe.

PUBLIC

**Fógra le tabhairt ar aird an ábhair sonraí a bhfuil feidhm maidir leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

PUBLIC

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas a aird don ábhar sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/xxx ón gComhairle[1], agus Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/xxx ón gComhairle[2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia.

Is í Roinn RELEX.1 in Ard-Stiúrthóireacht an Chaidrimh Sheachtraigh – RELEX Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Ardrúnaíocht

RELEX.1 Gnóthaí Domhanda agus Cothrománacha

Rue de la Loi/Wetstraat 175

1048 Bruxelles/Brussel

BELGIQUE/BELGIË

r-phost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle in 11546/22.

[2] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin Cur Chun Feidhme in 11548/22.

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

Is é is cuspóir don oibríocht phróiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/xxx ón gComhairle[1], agus Rialachán (AE) 2016/44, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/xxx ón gComhairle[2].

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Is ceadmhach pé sonraí pearsanta a bhaileofar a chomhroinnt, mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Coimeádfar sonraí pearsanta ar feadh 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir an reo sócmhainní nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag, nó ar feadh ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tús a bheith curtha leo.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

---

[1] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle in 11546/22.

[2] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin Cur Chun Feidhme in 11548/22.